OFFICE OF THE
25 JUN 2021
WICKLOW CHIEF EXECUTIVE

**Sceideal**

**Cuid 1**

**Foirm A – Comhaltaí Údaráis Áitiúil**

**Comhairle Contae Chil Mhantáin**

**An tAcht Rialtais Áitiúil 2001 – Cuid 15 – Dearbhú Bliantúil**

| | |
|---|---|
| **Ainm** | Rory Ó Connor |
| **Dáta an tofa nó an chomhthofa** | 26/5/19 |
| **Tréimhse chuí** [10] | 10/1/21 |

1. Soláthraím leis seo na sonraí seo a leanas a bhaineann leis na leasanna is gá dom a fhógairt mar a cheanglaítear le halt 171 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus atá leagtha amach agam i mír 1 go 10 ar an bhfoirm seo. Níl feidhm ag aon cheann de na forais dícháilithe dá dtagraítear in alt 13 ná 182 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 ná faoi alt 20 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999 maidir liom,
2. Dearbhaím leis seo gur léigh mé an Cód Iompair i gcomhair Comhairleoirí agus dearbhaím freisin go dtuigim an bhrí atá leis, agus
3. Geallaim leis seo féachaint do agus a bheith treoraithe ag an gCód Iompair i gcomhair Comhairleoirí i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna a thugtar dom. (D'eisigh an tAire an Cód Iompair i gcomhair Comhairleoirí faoi alt 169 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.)

Sínithe ag: Rory Ó Connor Dáta: 10/1/21

[10] **Tréimhse chuí**
Ciallaíonn tréimhse chuí an tréimhse arna clúdach agus sonraí á dtabhairt faoi leasanna is gá a fhógairt. I gcás an chéad dearbhaithe ciallaíonn sin an tréimhse 12 mí roimh agus lena n-áirítear an lá a shíníonn tú an fhoirm. I ndáil le dearbhuithe ina dhiaidh sin is í an tréimhse an tréimhse idir an dáta a ndearna tú an dearbhú roimhe sin agus dáta an chéad dearbhaithe eile.

**Cuid 2**

**Leasanna Is Gá a Fhógairt**

OFFICE OF THE
25 JUN 2021
WICKLOW COUNTY EXECUTIVE

I ndáil le gach aon cheann de na leasanna is gá a fhógairt seo a leanas, arna sonrú in alt 175 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, is cóir duit sonraí maidir le haon leasanna den sórt sin a bhí ar teachtadh agat (nó ag d'ainmní de réir mar a cheanglaítear) le linn na tréimhse cuí a sholáthar. Ní gá méid ná luach airgid aon leasanna is gá a fhógairt a shonrú. Tá nótaí a bhaineann le leasanna áirithe is gá a fhógairt ar chúl na foirme seo.

1. **Gairm, slí bheatha, agus araile a bhaineann le bheith ag déileáil i dtalamh nó a bheith ag forbairt talún**

Gairm, gnó nó slí bheatha ar bith ina bhfuil tú rannpháirteach nó fostaithe, cibé acu ar do shon féin nó eile, agus a bhaineann le bheith ag déileáil i dtalamh nó a bheith ag forbairt talún le linn na tréimhse cuí.

| Tuairisc ar an ngairm, ar an tslí bheatha agus araile a bhaineann le talamh | Seoladh Gnó |
|---|---|
| N/A | N/A |

2. **Gairm, slí bheatha eile, agus araile**

Ceird, gairm, fostaíocht, gairm bheatha, nó slí bheatha ar bith eile ar luach saothair a bhí agat le linn na tréimhse cuí.

| Tuairisc ar an ngairm, ar an tslí bheatha agus araile | Seoladh Gnó |
|---|---|
| N/A | N/A |

OFFICE OF THE WICKLOW CHIEF EXECUTIVE
25 JUN 2021

3. **Talamh (úinéireacht, leas)**

Eastát nó leas ar bith atá ar teachtadh agat i dtalamh[2] sa Stát (lena n-áirítear i gcás gur comhalta tú nó gur comhalta é nó i d'ainmní de chuideachta[3] nó de chomhlacht eile ag a bhfuil eastát nó leas i dtalamh) le linn na tréimhse cuí agus gan dochar don mhéid sin roimhe seo measfar go bhfolaíonn leas i dtalamh

(a) leas a bhí agat in aon chonradh a rinne tú chun talamh a cheannach nó a dhíol, cibé acu an raibh nó nach raibh éarlais nó páirt-íocaíocht tugtha faoin gconradh; agus

(b) leas a bhí agat in aon rogha a bhí ar teachtadh agat chun talamh a cheannach nó a dhíol, cibé acu ar íocadh nó nár íocadh aon chomaoin i leith na rogha sin, nó talamh maidir lenar fheidhmigh tú rogha den sórt sin ach nár tíolacadh duit fós,

ach gan leas lena mbaineann alt 167(3) den Acht maidir leis[4], a áireamh.

---

**[2]Tréimhse Chuí**

Ciallaíonn tréimhse chuí an tréimhse arna clúdach agus sonraí á dtabhairt faoi leasanna is gá a fhógairt. I gcás an chéad dearbhaithe ciallaíonn tréimhse chuí an tréimhse 12 mí roimh agus lena n-áirítear an lá a shíníonn tú an fhoirm dhearbhaithe bhliantúil. I ndáil le dearbhuithe ina dhiaidh sin is í an tréimhse an tréimhse idir an dáta a ndearna tú an dearbhú roimhe sin agus dáta an chéad dearbhaithe eile.

**Neamhdhearbhú an mhéid**

Ní gá méid ná luach airgid aon leasanna is gá a fhógairt a shonrú. (Alt 171(5) den Acht).

**Talamh**

folaíonn "talamh" gach maoin lena n-áirítear foirgnimh, áitribh, agus araile. Is cóir gach leas talún sa Stát a dhearbhú.

**Cuideachta**

[3] I gcás aon chomhlacht ar cuideachta é de réir bhrí alt 155 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, go measfar, faoin alt sin, cuideachta a bheith ina fochuideachta do chuideachta eile nó cuideachta a bheith ina cuideachta shealbhaíochta ag cuideachta eile den sórt sin, measfar duine gur ball é nó í de chuideachta chéadluaite den sórt sin a bheith freisin ina bhall nó ina ball den chuideachta eile chun críocha an dearbhaithe bhliantúil. (Alt 166(3) den Acht).

**Neamhdhearbhú leasanna áirithe talún**

[4] Ní gá leas i dtalamh ná leas a bhaineann le talamh ná aon ghnó a dhéileálann i dtalamh nó a fhorbraíonn talamh a dhearbhú i gcás gur de bhíthin úinéireacht thairbhiúil amháin leatsa nó le d'ainmní leas den sórt sin i scaireanna i gcuideachta nó i gcomhlacht eile agus nach dtéann luach ainmniúil iomlán na

| Seoladh Maoine | An cuspóir atá le húsáid na maoine |
|---|---|
| N/A | N/A |

4. **Gnó cuideachta a bhíonn ag déileáil i dtalamh, agus araile.**

Gnó ar bith ag déileáil i dtalamh nó ag forbairt talún[5] a rinne cuideachta nó comhlacht eile ina bhfuil tú, nó aon ainmní leat, mar chomhalta, le linn na tréimhse cuí, más rud é nár dearbhaíodh an ní sin in áit éigin eile ar an bhfoirm seo.

| |
|---|
| N/A |

OFFICE OF THE WICKLOW CHIEF EXECUTIVE 25 JUN 2021

scaireanna sin thar cibé acu is lú €12,697.38 nó 1/100ú cuid den luach ainmniúil iomlán, de scairchaipiteal eisithe na cuideachta nó an chomhlachta nó, i gcás go n-eisítear an caipiteal sin i scaireanna de bhreis ar aon chineál amháin, agus gurb é nó gurb iad an cineál nó na cineálacha scaireanna ina bhfuil leas agat, an scairchaipiteal a eisíodh. Tagraíonn alt 167(3)) den Acht.

**Leas Is Gá a Fhógairt uimh. 4**

[5] Féach nóta iii thuas.

**Sealúchas (scaireanna agus araile)**

## 5. Scaireanna agus araile

Aon sealúchas[6] a bhí ar teachtadh agat i scaireanna, nó i mbannaí nó i mbintiúir, nó aon infheistíochtaí eile dá samhail, i gcuideachta ar leith nó i bhfiontar nó i ngnóthas eile (nach mbaineann le talamh ná le haon ghnó a bhaineann le bheith ag déileáil i dtalamh nó ag forbairt talún) i gcás gur mhó ná €12,697.38 ag tráth ar bith le linn na tréimhse cuí luach comhiomlán an tsealúchais.

| Ainm agus seoladh na Cuideachta a bhfuil scaireanna agus araile inti | Cineál Gnó na Cuideachta agus araile. |
|---|---|
| N/A | N/A<br>OFFICE OF THE WICKLOW CHIEF EXECUTIVE 25 JUN 2021 |

## 6. Stiúrthóireachtaí

Stiúrthóireacht nó stiúrthóireacht fholaitheach[7] ar bith a bhí ar teachtadh agat in aon chuideachta le linn na tréimhse cuí seachas stiúrthóireacht nó stiúrthóireacht fholaitheach a bhí ar teachtadh de bhua ballraíochta nó fostaíochta in údarás áitiúil.

| Seoladh Gnó na Cuideachta | An Cineál Gnó |
|---|---|

[6] ní áiríonn "sealúchas" airgead i gcuntas reatha, i gcuntas taisce ná i gcuntas cosúil eile le hinstitiúid airgeadais (féach leas is gá a fhógairt uimh. 5).

**Stiúrthóireacht Fholaitheach**

[7] ciallaíonn "stiúrthóireacht fholaitheach" an post atá ag duine atá ina stiúrthóir folaitheach chun críocha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999, (féach leas is gá a fhógairt uimh. 6).

**Leas Is Gá a Fhógairt uimh. 7**

| | |
|---|---|
| N/A | N/A |

## 7. Bronntanais, Maoine agus Seirbhísí

Bronntanais

(1) Bronntanas ar bith, lena n-áirítear saoráidí taistil thar lear, a tugadh duit le linn na tréimhse cuí, ach gan

(a) bronntanas a thug gaol nó cara leat nó cara le do chéile, nó le do leanbh nó le leanbh do chéile [folaíonn céile duine lena gcónaíonn tú] duit ar chúiseanna pearsanta amháin;

(b) bronntanas nó bronntanais a thug an duine céanna duit le linn na tréimhse cuí agus nár mhó ná €634.87 ag tráth ar bith le linn na tréimhse cuí, maidir leis nó maidir leo luach ná luach comhiomlán na maoine arbh é ábhar an bhronntanais é nó arbh iad ábhar na mbronntanas iad;

(c) síntiús atá dearbhaithe agat cheana féin i ráiteas reatha síntiúis faoin Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999, a áireamh.

Maoin agus Seirbhísí[8]

(2) (a) Maoin ar bith a sholáthair an duine céanna duit nó a thug an duine céanna ar iasacht duit, nó seirbhís a sholáthair an duine céanna duit, uair amháin nó níos mó ná uair amháin, le linn na tréimhse cuí, ar

[8] Sa méid is a bhaineann na seirbhísí ag (2) le leas is gá a fhógairt uimh. 7 le seirbhísí dlí nó míochaine, ní gá ach a lua gur soláthraíodh seirbhísí den sórt sin.

OFFICE OF THE
25 JUN 2021
WICKLOW CHIEF EXECUTIVE

chomaoin nó ar chomaoiní, nó ar phraghas nó ar phraghsanna níos lú ná an chomaoin nó na comaoiní tráchtála, nó an praghas nó na praghsanna tráchtála, de níos mó ná €634.87 nó go raibh an comhiomlán níos mó ná €634.87; nó

(b) maoin ar bith a sholáthair an duine céanna duit nó a thug an duine céanna ar iasacht duit, nó seirbhís a sholáthair an duine céanna duit, uair amháin nó níos mó ná uair amháin, le linn na tréimhse cuí, saor in aisce i gcás go raibh an chomaoin nó na comaoiní tráchtála, nó an praghas nó na praghsanna tráchtála níos mó ná €634.87 nó go raibh an comhiomlán níos mó ná €634.87; ach i gcás (a) agus (b) iad araon gan

(i) maoin a sholáthair nó a thug gaol nó cara leat, nó cara le do chéile ar iasacht duit, nó seirbhís a sholáthair gaol nó cara leat, nó cara le do chéile duit i gcás gur cineál bronntanais é an soláthar nó an iasacht a tugadh duit agus ar chúiseanna pearsanta amháin,

(ii) síntiús atá dearbhaithe agat cheana féin i ráiteas reatha síntiúis faoin Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999, a áireamh.

| Tuairisc ar an mBronntanas, Maoin agus/nó Seirbhís | Ainm agus Seoladh an Tairbhí, an tSoláthrai agus/nó an Iasachtóra |
|---|---|
| N/A | N/A |

8. **Conarthaí Údaráis Áitiúil**

Conradh ar bith inar pháirtí tú, nó ina raibh leas agat in aon slí eile, go díreach nó go neamhdhíreach, maidir le soláthar earraí nó seirbhísí d'údarás áitiúil le linn na tréimhse cuí, i gcás gur mó ná €6,348.69 luach na n-earraí nó na seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse, nó más rud é gur soláthraíodh earraí nó seirbhísí eile faoi chonradh den sórt sin d'údarás áitiúil le linn na tréimhse sin, i gcás gur mó ná €6,348.69 a luach comhiomlán.

| Ainm agus Seoladh an Chonraitheora | Tuairisc ar an gConradh | Údarás Áitiúil lena mBaineann |
|---|---|---|
| N/A | N/A | N/A |

OFFICE OF THE
25 JUN 2021
WICKLOW CHIEF EXECUTIVE